# Féile d'Fhoghlaimeoirí Aosach i nDún na nGall

**Eisithe: Déardaoin 21 Feabhra 2013**

**PREASEISIÚINT**
**Le foilsiú láithreach.**

**Amharc suas do roghanna foghlaim áitiúil i gContae Dhún na nGall!!**

An raibh tú ag iarraidh i gcónaí cearca a choinneáil, d'uibheacha úra féin a bhailiú agus na scileanna bunúsacha siúinéireachta a fhoghlaim? Má tá, tá cúrsa i bPort Nua atá fóirsteanach duit!
Tá Ionad Acmhainní Teaghlaigh Downstrands a chur ar fáil cúrsa **"Tóg do Chúb Sicín Féin"** agus seisiún ar aire a thabhairt ar do chairde nua seo freisin. Seo cúrsa is féidir leis an teaghlach ar fad páirt a ghlacadh ann. Bheirfidh an teagascóir Rónán Ó Murchú eolas duit ar na scileanna cearpantóireachta atá I gceist thar cúig (5) tráthnóna – gach Déardaoin agus ansin tá an t-eolas iomlán ag Oisín Moran faoi na sicíní / cearca is fearr agus an dóigh le hamharc ina ndiaidh agus aire a thabhairt dóibh. Tá costas de €80 ina iomláine a chlúdaíonn na hábhair go léir leis an chúb a chríochnú. Spreagtar ar na tuismitheoirí tabhairt faoin tionscadal seo lena gcuid páistí. Tá sampla do Chúb atá críochnaithe le feiceáil ag Ionad an Dolmen, Port Nua.

Tá an ócáid seo mar cheann amháin as tuairim is 200 ócáidí go náisiúnta atá mar pháirt don Fhéile d'Fhoghlaimeoirí Aosach le AONTAS. Tá Leabharlanna, Coistí Gairmoideachais, Ionaid Foghlama d'Aosaigh, Iarsmalanna agus Dánlanna uile ar úsáid san Fhéile atá leagtha síos **idir 25 Feabhra go 2 Márta 2013.** Le linn na seachtaine beidh eolas dírithe do foghlaimeoirí aosaigh, ag léiriú an luach ar an fhoghlaim aosaigh agus le ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí na bhfoghlaimeoirí atá tagtha trí an phróiseas.

Deir Coiste Gairmoideachais Contae Dhún na nGall go bhfuil tuairim is 15,000 duine fásta páirteach i gcláir foirmiúil agus pobalbhunaithe agus cláir breisoideachais thart ar an contae ina iomláine. Seo daoine fásta atá ag fáil scileanna agus oideachas trí cláir do chuid CGDnG (ina measc Litearacht Aosaigh, Cumasóige, SDOG, Tionscnamh um Filleadh ar Oideachais (TFO), Cláir PLC), agus Cláir Oideachais Pobail atá eagraithe agus curtha ar fáil ag grúpaí pobail ins na ceantair áitiúil tríd tionscnamh forbairt pobail, Ionad Acmhainne Teaghlaigh, Lucht Gnó agus Páirtíocht le tacaíocht airgeadais ó deontais éagsúla.

Ní raibh Oideachas Aosaigh ariamh chomh tábhachtach agus atá faoi láthair. Ins an dóigh a bhfuil an geilleagar ag an am seo agus níos mó daoine dífhostaithe, tá dhá ról lárnach ag an oideachas aosaigh : tig le daoine fásta cálaíochtaí agus scileanna nua a bhaint amach le hiad a chuir ar fáil d'obair nuair atá a leithéid ar fáil agus tugann oideachas aosaigh fós deiseanna do foghlaim dóibh siúd atá faoi láthair ag obair; cuidíonn seo leo saol níos sócúlach a bheith acu – tugann an taighde déanta le fios dúinn go gcuireann Oideachais Aosaigh siar rudaí mar dúlagar agus aonrú sóisialta mar bíonn lucht foghlaimeoirí aosach níos páirteach sa phobal, níos ábalta cuidiú a thabhairt do a gcuid páistí atá freastal ar na scoileanna le obair bhaile agus bíonn sláinte níos fearr agus saol níos faide acu.

Dúirt Cróna Gallagher, Oifigeach Oideachais Aosaigh le Coiste Gairmoideachais Contae Dhún na nGall go raibh níos mó nó 1,200 duine i láthair le gairid ag an Aonach d'Fhoghlaimeoirí Aosaigh a bhí eagraithe ag an CGDnG, áit a thug Jim McGuinness, Bainisteoir Seaimpíní na hÉireann- Foireann CLG Sinsearach an Contae, cuir i láthair a bhí inspioráideach agus inspreagtha : *" Tá le feiceáil níos mó daoine agus éileamh níos airde ar taobh cuardaigh eolais air cúrsaí, ar na dóigheanna le bheith páirteach i do phobal agus ceantar féin tríd grúpaí pobail agus fós in obair dheonach"* – a deir Cróna. *"Cinnte, a deir sí, go bhfuil pá oibre gach seachtain an rud is tábhachtaí don chuid is mó : ach tá fós an ceangal sóisialta agus an féin mhuinín a thagann nuair atá duine fostaithe. Tá gach duine ag cuardaigh réasún le bheith ag éirí ar maidin agus imeacht amach ag obair – bheireann an Oideachas Aosaigh cuidiú leo seo a bhaint amach, ag tabhairt deiseanna dóibh scileanna nua a fhoghlaim agus bualadh le daoine agus cairde nua a dhéanamh ag an am céanna".* Le cuidiú le daoine fásta i nDún na nGall atá ag smaoinigh dul ar ais i mbun oideachas, tá taifead déanta ag an Seirbhís d'Oideachais Aosaigh CGDnG ar roinnt dhuine fásta ó cúlraí éagsúla a bhfuil an coiscéim sin déanta acu dul ar ais. Tá siad seo ar fáil ar suíomh idirlíon an Coiste Gairmoideachais (www.donegalvec.ie ) agus tá naisc ansin fhad le YouTube. "*Tá súil againn*, a deir Ms.Gallagher , *agus na fís agus scéalta fíor seo a chluinstin go mbeidh tú réidh leis na heagla agus deacrachtaí phearsanta agus go dtabharfaidh siad an deis agus uchtach daoibh dul ar ais ag foghlaim. Tá a lán rudaí éagsúla curtha ar fáil tríd na grúpaí éagsúla le linn an Fhéile seo agus tabharfaidh seo blas daoibh fós ar na rudaí a bhaineann le Oideachais Aosaigh sa Chontae seo ó ceann go ceann na bliana".*

Le tuilleadh eolais feic :- www.adultlearnersfestival.com ; www.donegalvec.ie

**CRÍOCH.**